

Cuntas Leithreasa 2023

Vóta 6

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 6, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

Tá an cuntas iniata ullmhaithe agam i leith an méid a caitheadh ar thuarastail agus ar chostais in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023, de réir an cheanglais sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeónú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2023, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear barrachas €1.349 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas ar Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas ar pholasaithe agus prionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a chur i dtoll a chéile, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe in Imlitir 22 de 2023, chun feidhme nuair a bhí an cuntas á ullmhú, seachas ina leith seo a leanas:

Ioncam fabhráithe

Mar thoradh ar an Ordú um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Éilimh ar Fheidhmeanna Bainistíochta Costas a Tharmligean), 2018 (I.R. Uimh. 191 de 2018), tarmligeadh chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta éilimh a bhainistiú i leith orduithe costais a rinneadh ar an 29 Bealtaine 2018 nó dá éis, le haghaidh an Stáit agus i gcoinne an Stáit araon.

Léiríonn ioncam fabhráithe sa chuntas seo costais a bronnadh ar an Stát ar gearradh cáin orthu de bhun orduithe a fuarthas roimh an 29 Bealtaine 2018 ach nár gnóthaíodh ina n-iomláine go fóill. Tá an Oifig fós freagrach as aisghabháil na gcostas roimh mhí na Bealtaine 2018.

Táillí abhcóide fabhráithe

Tá nótaí táille a fhaightear ó abhcóidí faoi réir próiseas meastóireachta cuimsitheach chun leibhéal na dtáillí atá dlite a chinneadh, a d'fhéadfadh a bheith difriúil leis an méid/na méideanna atá á lorg ag abhcóidí. Is é fabhrú dheireadh na bliana i leith dliteanais táillí abhcóide an méid a mheasann an Oifig, bunaithe ar thaithí a próisis measúnaithe le linn na bliana cuntais, a léiríonn an méid dliteanais a bheidh dlite.

Sócmhainní doláimhsithe

Rinneadh na saolréanna ionchais agus na rátaí amúchta gaolmhara a bhaineann le móraicmí sócmhainní doláimhsithe a mheas mar a leanas:

<i>Aicme sócmhainne</i>	<i>Saolré ionchais</i>	<i>Ráta Amúchta</i>
Ceadúnais Bogearraí	Téarma an cheadúnais 2-10 mbliana	50%-10%
Bogearraí a fhaightear	10 mbliana	10%

Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais***Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Oifig córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Cuirim an fhreagracht seo i bhfeidhm i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach atá sa chóras um rialú inmheánach airgeadais a choinneáil ar bun agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a choinneáil faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla ar fáil d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Bím ag brath ar an litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Oifig seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Leagadh amach socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ag ar sannadh freagracht as bainistiú airgeadais.
- Leagadh amach nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta ar bun chun comhairle a chur ormsa agus na freagrachtaí atá orm maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmiligthe agus cuntasachta, agus go háirithe:

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht ann.
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- go bhfuil córas bainistíochta riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig.
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC.
- go bhfuil treoirínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí i bhfeidhm agus go gcloítear le disciplíní bainistíochta tionscadail foirmiúla.

Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúchta

Coinníonn an Oifig feidhm iniúchta inmheánaigh trí chomhaontú conartha le cuideachta ghairmiúil iniúchta le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Déanann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige eolas dá cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanann mé féin agus an Coiste Iniúchta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar suas tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

Bhí feidhm iniúchta inmheánaigh don Oifig i bhfeidhm le linn 2023.

Soláthar

Cinntíonn an Oifig go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas soláthair nuair a bhronntar gach conradh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar gach treoirlíne chuí a chinntiú.

Tá sonraí tugtha ag an Oifig ar dheich gconradh neamhiomaíochas sa tuairisceán bliantúil maidir le hImlitir 40/2002 don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Chloígh an Oifig leis na treoirínte seachas i gcás dhá chonradh (de bhreis ar €25,000), a raibh luach €179,987 ar an iomlán leo (gan CBL san áireamh) in 2023. Baineann na conarthaí le seirbhísí cuntasáíochta costas dlí, agus saináithníodh iad toisc go ndearna an Oifig athbhreithniú ar sholáthar seirbhísí cuntasóirí costas dlí ag deireadh mhí an Mheithimh 2024. Bhí breithniú mionsonraithe ar Threoracha ábhartha an Aontais Eorpaigh i gceist leis an athbhreithniú. Tháinig athrú suntasach ar na rialacha a leagtar amach i dTreoir 2014/24/AE ó na rialacha is infheidhme a bhí leagtha amach roimhe seo i dTreoir 2004/18/CE agus bhí gá le scrúdú mionsonraithe a dhéanamh orthu. Tar éis breithniú domhain a dhéanamh ar an gceist oscailte ar tháinig cuntasóirí costas dlí laistigh den sainmhíniú ar 'sheirbhísí dlí' sa Treoir, tá CSSO sásta anois, ar an iomlán agus as raidhse cúraim, glacadh leis gur cheart na conarthaí sin a áireamh ar liosta de chonarthaí neamhiomaíochas le haghaidh tuairisceán bliantúil ciorclach 40/2002. Glacann CSSO leis gur cheart

ceanglais amach anseo ó mhí Iúil 2024 a sholáthar i gcomhréir le rialacha soláthair phoiblí agus go n-áireofar na conarthaí sin i nochtadh 40/02 go dtí go soláthróidh an t-údarás conarthach ábhartha na seirbhísí i gcomhréir le treoirlínte soláthair.

Tá na conarthaí thuas ar áireamh i dtuairisceán bliantúil 40/2002 agus tá tagairt déanta orthu thuas.

Slándáil teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide

Cuireann an Oifig rialuithe dea-chleachtais i bhfeidhm chun príomhríosaí slándála a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) a mhaolú. Déantar athbhreithniú agus uasghrádú, nuair is gá, ar bhonn leanúnach ar chórais slándála ICT.

Rialuithe airgeadais agus riaracháin

Déanann an Bord Bainistíochta agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú rialta ar rialuithe. Breithníonn an Coiste Iniúchta gach tuarascáil ar iniúchtadh inmheánach.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig ina sainaitnítear agus ina ndéantar tuairisciú ar phríomhríosaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh le dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina sainaitnítear na príomhríosaí atá le sárú ag an Oifig agus tá siad sin sainaitheanta, measúnaithe agus tá grádáil déanta orthu de réir tábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta dhá uair sa bhliain. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh ar bhaill foirne sonracha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaitníodh príomhríosaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúcháirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig atá freagrach as an gcreat um rialú inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí eile sa rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2023 as ar tháinig cailteanas ábhartha nó as a bhféadfadh cailteanas ábhartha teacht.

Maria Browne
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

5 Iúil 2024

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 6 Oifig an Phríomh-Atur nae Stáit

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 6 Oifig an Phríomh-Atur nae Stáit don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 6 Oifig an Phríomh-Atur nae Stáit don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

An bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Oifig an Phríomh-Atur nae Stáit agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eitiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscim orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

8 Iúil 2024

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíríteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaitníim agus measúnaím rioscaí an mhírítis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaitníim le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíríc sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaitníim aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidil ábhartha sa Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Cuntas Leithreasa 2023

	2023		2022
	Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
Caiteachas clár			
A Seirbhísí dlí a sholáthar	50,389	49,485	45,442
Ollchaiteachas	50,389	49,485	45,442
<i>Lúide</i>			
B Leithreasaí i gcabhair	891	1,336	996
Glanchaiteachas	49,498	48,149	44,446

Tá barrachas na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh dlíte lena ghéilleadh don Stáitchiste.

	2023	2022
	€	€
Barrachas le géilleadh	1,349,067	5,211,700

Maria Browne
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

5 Iúil 2024

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2023

	2023	2022
	€000	€000
Costas an chláir	20,744	20,069
Pá	25,567	22,538
Neamhphá	3,174	2,835
Ollchaiteachas	49,485	45,442
<i>Lúide</i>		
Leithreasaí-i-gCabhair	1,336	996
Glanchaiteachas	48,149	44,446
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
<i>Mhaoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)</i>		
Ceannacháin	(45)	
Dímheas	147	
Caillteanas ar dhiúscairt	1	
<i>Shócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i>		
Ceannacháin	—	
Amúchadh	69	
	172	138
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Méadú ar réamhíocaíochtaí	(78)	
Laghdú ar ioncam fabhraithe	26	
Méadú ar speansais fhabhraithe	562	
	510	(344)
Caiteachas díreach	48,831	44,240
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	5,512	4,850
Measchíosanna	865	865
Glanhostas an chláir	55,208	49,955

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 6 a tabhaíodh in áit eile.

		2023	2022
		€000	€000
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	3,868	3,390
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,570	1,373
Vóta 18	Oifig na Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta	38	35
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	36	52
		<u>5,512</u>	<u>4,850</u>

Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2023

	Nóta	2023 €000	2022 €000
Sócmhainní Seasta			
Maoin, gléasra agus trealamh	2.1	261	352
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	100	169
lomlán na sócmhainní seasta		361	521
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	1,284	1,300
Réamhíocaíochtaí	2.4	425	347
Ioncam fabhraithe	2.5	9,702	9,728
Iarmhéideanna dochair eile	2.6	571	513
lomlán na sócmhainní reatha		11,982	11,888
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.8	4,818	4,256
Glanmhaoiniú Státchiste	2.7	6	(505)
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.9	1,849	2,318
lomlán na ndliteanas reatha		6,673	6,069
Glansócmhainní reatha		5,309	5,819
Glansócmhainní		5,670	6,340
Arna Léiriú ag:			
Cuntas maoinithe an Stáit	2.10	5,670	6,340

2.1 Maoin, gléasra agus trealamh

	Trealamh oifige agus TF €000	Troscán agus feistis €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil ^{a, b}			
Ag an 1 Eanáir 2023	1,937	1,734	3,671
Breiseanna	45	—	45
Coigeartú don bhliain	20	—	20
Díúscairtí	(402)	(181)	(583)
Ag an 31 Nollaig 2023	1,600	1,553	3,153
Dímheas carntha			
Ag an 1 Eanáir 2023	1,671	1,648	3,319
Dímheas don bhliain	131	16	147
Coigeartú don bhliain	8	—	8
Dímheas ar dhiúscairtí	(402)	(180)	(582)
Amhail an 31 Nollaig 2023	1,408	1,484	2,892
Glansócmhainní			
Ag an 31 Nollaig 2023	192	69	261
Ag an 31 Nollaig 2022	266	86	352

Nóta ^a Áirítear le costas nó luacháil sócmhainní a fuarthas ar níos lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021.

^b Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, athaicmíodh éadail agus forbairt bogearraí ó mhaoín, gléasra agus trealamh go sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2).

2.2 Sócmhainní doláimhsithe ^a

	Bogearraí faighte agus forbartha	Iomlán
	€000	€000
Costas nó luach		
Ag an 1 Eanáir 2023	1,363	1,363
Breiseanna	—	—
Diúscairtí	(370)	(370)
Ag an 31 Nollaig 2023	993	993
Amúchadh carntha		
Ag an 1 Eanáir 2023	1,194	1,194
Amúchadh don bhliain	69	69
Amúchadh ar dhiúscairtí	(370)	(370)
Ag an 31 Nollaig 2023	893	893
Glansócmhainní		
Ag an 31 Nollaig 2023	100	100
Ag an 31 Nollaig 2022	169	169

Nóta ^a Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, athaicmíodh éadail agus forbairt bogearraí ó mhaoin, gléasra agus trealamh.

2.3 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
larmhéideanna agus airgead tirim PMG	1,278	1,299
larmhéid an chuntais bainc tráchtála	6	1
	1,284	1,300

Cuntais bhainc neamh-vóta

Coinníonn an CSSO líon cuntas bainc ar iontaobhas thar ceann ranna agus oifigí cliant agus tríú páirtithe a bhíonn páirteach in idirbhearta maoin. Ní dhéantar aon airgead atá dlite do vóta an CSSO ná a íoctar ó vóta an CSSO a tharchur trí na cuntais bhainc seo. B'ionann an méid a bhí coinnte i gcuntais bhainc den chineál seo ag deireadh na bliana 2023 agus €13.29 milliún (2022: €2.95 milliún).

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Bogearraí agus cothabháil eile	272	219
Seirbhísí faisnéise	109	50
Réamhíocaíochtaí eile	44	78
	425	347

2.5 Ioncam fabhraithe

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
larmhéid tosaigh an 1 Eanáir	9,728	9,770
Fáltais airgid	(26)	(42)
larmhéid deiridh an 31 Nollaig	9,702	9,728

2.6 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Tuarastail infhorchúitithe	557	469
An scéim um pas infhorchúitithe taistil	12	15
An scéim um rothaíocht chun na hoibre inforchúitithe	2	4
Aturnaetha Stáit	—	25
	571	513

2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	1,349	5,212
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(1,343)	(5,717)
Glanmhaoiniú Státchiste	6	(505)
Arna Léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	1,284	1,300
larmhéideanna dochair: fionraí	571	513
	1,855	1,813
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,338)	(1,425)
larmhéideanna creidmheasa: fionraí	(511)	(893)
	(1,849)	(2,318)
	6	(505)

2.8 Ioncam fabhraithe

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Táillí abhcóide	4,555	3,955
Speansais ghinearálta dlí	71	103
Speansais theagmhasacha	27	64
Innealra oifige	84	78
Postas agus teileachumarsáid	32	25
Speansais eile	49	31
	4,818	4,256

2.9 Iarmhéideanna sochair eile

amhail an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Méideanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	482	426
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	281	236
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	540	668
Ranníocaíochtaí pinsin	—	91
Cáin bhreisluacha	29	3
Oifig na nOibreacha Poiblí	3	—
Bliain Oibre níos Giorra	2	—
Cáin mhaoine áitiúil	1	1
	<u>1,338</u>	<u>1,425</u>
Maoin stáit: eastáit eiséata ^a	511	893
	<u>1,849</u>	<u>2,318</u>

Nóta ^a Tá an t-iarmhéid seo iníoctha leis an Stát chomh maith. Taispeántar ar leithligh é sa tábla thuas mar go n-eascaíonn na méideanna eile uilig atá dlite don Stát as oibríochtaí leanúnacha an CSSO agus baineann an figiúr atá luaite le heastáit eiséata le hairgead tirim a bailíodh ó thríú páirtithe seachtracha ina bhfuil an CSSO ag fanacht ar threoracha diúscartha.

2.10 Cuntas an mhaoinithe Stáit

	Nóta	2023	2022
		€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir		6,340	6,134
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	49,498	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	<u>(1,349)</u>	
Glanvóta		48,149	44,446
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1	5,512	4,850
Míreanna neamh-airgid - Coigeartú ar Mhain, gléasra agus trealamh	2.1	12	—
Míreanna neamh-airgid - coigeartú i ndáil le sócmhainní doláimhsithe	2.2	—	—
Caiteachas neamhairgid - measchíos	1	865	865
Glanchostas an chláir	1	<u>(55,208)</u>	<u>(49,955)</u>
Iarmhéid ag an 31 Nollaig		<u>5,670</u>	<u>6,340</u>

2.11 Ceangaltais

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	1,136	1,379

2.12 Dliteanais aibí

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh urscaoilte ag deireadh na bliana	111	54

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a áireamh i gClár A, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2023		2022
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	26,676	25,567	22,538
ii	Taisteal agus cothabháil	90	70	63
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,038	1,248	1,075
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	310	341	333
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	1,005	1,100	1,163
vi	Costais áitribh oifige	250	200	123
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	100	215	78
		29,469	28,741	25,373

Athruithe suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha sa chaiteachas ón méid a cuireadh ar fáil (+/- 25% agus €100,000).

i Tuarastail, pá agus liúntais

Soláthar meastacháin €26.676 milliún; toradh €25.567 milliún

Ba mar thoradh ar mheascán de (i) earcaíocht níos moille mar gheall ar dhálaí margaidh dúshlánacha leanúnacha agus an t-aga moille maidir le foireann athsholáthair a fhostú agus (ii) líon na bhfágálaithe a d'eascair as deiseanna méadaithe soghluaisteachta agus ardaíthe céime ar fud na seirbhíse poiblí agus scor níos airde a raibh coigilteas €1.109 milliún ann san fho-mírcheann seo.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €1.038 milliún; toradh €1.248 milliún

Ba mar gheall ar mheascán de (i) chostais oibriúcháin mhéadaithe (lena n-áirítear, inter alia, slándáil, stóráil lasmuigh den láthair, lónadóireacht); (ii) costais mhéadaithe oiliúna a bhaineann le haturnaetha faoi oiliúint; agus (iii) costais mhéadaithe chun rochtain a fháil ar bhunachair sonraí éagsúla maidir le heolas dlíthiúil a tharla an róchaiteachas €210,000 san fho-mhírcheann seo.

vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe*Soláthar meastacháin €100,000; toradh €215,000*

Ba mar gheall ar na costais a bhaineann le gníomhaireacht earcaíochta phríobháideach a fhostú chun cabhrú le hacmhainní nua dlí agus riaracháin a earcú a tharla an róchaiteachas san fho-mhírcheann seo.

Clár A Seirbhísí dlí a sholáthar

		2023		2022
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	26,676	25,567	22,538
A.2	Riarachán – neamhphá	2,793	3,174	2,835
A.3	Seirbhísí seachtracha dlí ^a	220	225	221
A.4	Táillí abhcóide ^a	19,500	19,500	19,143
A.5	Speansais ghinearálta dlí ^a	1,200	1,019	705
		50,389	49,485	45,442

Nóta ^a As an gcaiteachas dlí a tabhaíodh faoi A.3 go A.5 thuas, íocadh €20.23 milliún amach thar ceann 29 Roinn/Vóta in 2023 (2022: €19.23 milliún, 28 Roinn/Vóta).

Athruithe suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas neamh-riaracháin chlár (+/-5% agus €100,000).

A.5 Speansais ghinearálta dlí*Soláthar measta: €1.200 milliún; toradh €1.019 milliún*

Ba mar thoradh ar an neamhchinnteacht a bhaineann leis an dul chun cinn a dhéantar i dtaobh cásanna cúirte sna cúirteanna an tsábháil €181,000 i gcaiteachas a bhain leis an soláthar measta.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí I gcabhair

	2023		2022
	Measta €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
B.1 Costais agus táillí a fuair Oifig an Phríomh-Atur nae Stáit	100	428	204
B.2 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	790	898	792
B.3 Earraí Ilghnéitheacha	1	10	—
Iomlán	891	1,336	996

Athruithe suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist le míreanna aonair i leithreasaí i gcabhair (+/-5% agus €100,000).

B.1 Costais agus táillí a fuair Oifig an Phríomh-Atur nae Stáit

Soláthar measta: €100,000; toradh €428,000

Ba é ba chúis leis an bhfáltas breise €328,000 don bhliain ná leibhéal aisghabhála costais a bhí níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis, go háirithe trí chás arbh fhiú €195,000 san iomlán iad.

B.2 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair na hearnála poiblí

Soláthar measta: €790,000; toradh €898,000

Ba é tionchar bliana iomláine na n-earcach nua in 2022 ba chúis leis an bhfáltas breise €108,000 don bhliain.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Stáitchiste

	2023 €000	2022 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Fáltais faoi Ailt 10 agus 28 den Acht Maoine Stáit, 1954	1	50
Fáltais faoi Alt 31 den Acht Maoine Stáit, 1954	—	—
Aistrithe chuig an Stáitchiste	(1)	(50)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	—	—

Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhFostaithe

Coibhéis lánaimseartha	2023	2022
Foireann an CSSO dírithe ar phríomhghníomhaíochtaí	341	308
Foireann an CSSO ag obair ar thionscadail do ranna/oifigí eile	11	10
	352	318

5.2 Pá

	2023	2022
	€000	€000
Pá	23,848	21,143
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	151	120
Liúntais eile	8	9
Ragobair	27	21
ÁSPC an Fhostóra	2,367	2,062
Pá comhlán iomlán	26,401	23,355
Aisghabhálacha ó ranna/oifigí eile	(834)	(817)
Glanphá iomlán	25,567	22,538

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2023	2022
			€	€
Dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	46	2	10,362	12,046
Liúntais eile	4	—	2,333	2,039
Ragobair	14	—	7,432	3,133
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	7	5	12,675	7,824

5.4 Foireann na hOifige de réir banda pá

Is mar seo a leanas a bhí líon fostaithe na hOifige a raibh a gcuid sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; seachas ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus thit siad laistigh de gach banda €10,000 ó níos mó ná €60,000.

Bandaí pá (€)		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go dtí	2023	2022
20,000	59,999	218	203
60,000	69,999	21	16
70,000	79,999	17	27
80,000	89,999	62	74
90,000	99,999	53	30
100,000	109,999	15	8
110,000	119,999	12	10
120,000	129,999	8	4
130,000	139,999	1	—
140,000	149,999	—	2
150,000	159,999	1	—
160,000	169,999	—	2
170,000	179,999	3	1
180,000	189,999	—	—
190,000	199,999	—	—
200,000	209,999	—	1
210,000	219,999	1	—

5.5 Socruithe luach saothair eile

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le cúigear oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig ar feadh 2023 ar fad nó cuid di i Ranna/Oifigí Rialtais eile agus nach ndearna an Oifig a gcuid tuarastal a fhorchúiteamh.

5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2023 €	2022 €
Ró-íocaíochtaí	16	22,561	38,438
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	11	12,053	29,819

5.7 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Is mar seo a leanas a bhí luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais:

	2023	2022
	€	€
Bunphá	<u>215,194</u>	<u>201,843</u>

Níl luach na sochar scoir a saothraíodh sa tréimhse san áireamh thuas. Is ball den scéim aoisliúntais do státseirbhísigh bhunaithe roimh 1995 an tOifigeach Cuntasaíochta agus i dtaca leis sin ní théann a cuid teidlíochtaí thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Díscríobhanna

Rinneadh na suimeanna seo a leanas a dhíscríobh i rith na bliana:

	2023	2022
	€000	€000
Aturnaetha Stáit	25	—

Nóta ^a Is ionann an méid a díscríobhadh agus caiteachas gan choinne ag Aturnaetha Stáit áitiúla le linn na tréimhse 2004 go 2007 a mheastar a bheith neamh-inghnóthaithe.